C/2025/4239

30.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11945 — HILLHOUSE / ORIX / OAAM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4239)

1. An 15 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— HH HK Group Limited ('HH HK Group') (Oileáin Cayman), faoi rialú duine nádúrtha, Mr. Lei Zhang,

— ORIX Corporation ('ORIX') (an tSeapáin),

— ORIX Asia Asset Management Limited ('OAAM') (Hong Cong).

Gheobhaidh HH HK Group agus ORIX rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar OAAM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainistíonn HH HK Group sócmhainní do chliaint institiúideacha den chuid is mó, mar shampla institiúidí domhanda, pleananna pinsin, dearlaicí agus cistí infheistíochta Stáit. Is gnólacht infheistíochta domhanda é Hillhouse, a chleamhnaí, a infheistíonn i réimsí an chúraim sláinte, na seirbhísí gnó, na n-earraí tomhaltais agus na dtionscal den chuid is mó,

— Is grúpa corparáideach é ORIX atá gníomhach ar fud an domhain maidir le maoiniú agus infheistíocht, árachas saoil, baincéireacht, bainistiú sócmhainní, réadmhaoin, lamháltas, comhshaol agus fuinneamh, seirbhísí a bhaineann le gluaisteáin, trealamh tionsclaíoch/teicneolaíochta faisnéise cumarsáide, longa agus eitleáin. Oibríonn ORIX i dtuairim is 30 tír,

— Is cuideachta é OAAM atá corpraithe in Hong Cong agus atá ceadúnaithe faoi mhaoirseacht Choimisiún Urrús & Todhchaíochtaí Hong Cong chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus seirbhísí airgeadais eile a sholáthar ar nós déileáil in urrúis in Hong Cong agus comhairle a thabhairt ina leith. Níl aon ghníomhaíocht aige in LEE. Is fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid ORIX Asia Capital Limited é OAAM faoi láthair, gnóthas atá é féin faoi úinéireacht iomlán indíreach ORIX.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11945 — HILLHOUSE / ORIX / OAAM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË